C/2024/873

6.2.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Féintomhaltas fuinnimh aonair agus comhchoiteann mar ghné sa chomhrac ar son an aistrithe ghlais agus an aistrithe fuinnimh, agus na cothromaíochta eacnamaíche agus sóisialta

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/873)

Rapóirtéir: **Pierre Jean COULON**

Bunús Dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a ghlactha sa rannóg	6.10.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	25.10.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	582
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	156/0/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Más linn leas a bhaint as an bhféintomhaltas agus as an bhféinghiniúint fuinnimh san aistriú glas agus san aistriú fuinnimh, sin agus cothromaíocht eacnamaíoch agus shóisialta a bhaint amach, ní foláir na saoránaigh a bheith i gcroílár na díospóireachta agus an mhachnaimh ina leith.

1.2. Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa den bharúil gur cheart do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha tús áite a thabhairt do thionscnóirí tionscadal féintomhaltais chomhchoitinn ar scála mór. Go deimhin, is tábhachtach an ní í an ghné shochaíoch den féinghiniúint agus den chomhrac i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh. Ach solúbthacht bhreise a bheith ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha barrachas fuinnimh a úsáid, d'fhéadfaí laghdú ar an mbaol go mbeadh deighilt shóisialta ann ina mbeadh 'cúltaisce fuinnimh' ag na tomhaltóirí atá deisiúil go leor le gur féidir leo infheistiú i modhanna táirgthe agus, i ndeireadh na dála, praghas níos ísle a íoc ar a gcuid fuinnimh.

1.3. Ní féidir le gach saoránach fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint sa bhaile é féin, go háirithe toisc nach bhfuil na hacmhainní airgeadais ar fáil dóibh chuige sin. Dá bhrí sin, creideann CESE go mbeadh sé úsáideach dá bhféadfaí leictreachas a thomhailt a ghintear in áit eile seachas i gcóngar an teallaigh, sin nó an féintomhaltas comhchoiteann a éascú. B'inmholta chomh maith an rochtain ar an bhféinghiniúint agus ar an bhféintomhaltas a éascú don chuid is leochailí den daonra, lena n-áirítear daoine atá i ngreim ag an mbochtaineacht fuinnimh.

1.4. Trí chur chuige oideachasúil agus trí shoiléiriú a thabhairt ar an gcaoi a n-úsáidtear na sonraí a bhíonn á mbailiú, b'fhiú féachaint le húsáid fhorleathan na méadar cliste comhoiriúnach ar fud an Aontais a chur chun cinn, maille le comhthiomsú trealaimh táirgthe agus stórála, agus an méid sin a dhéanamh ar mhaithe leis an bhféinghiniúint a thabhairt chun cinn go forleathan agus ionas nach mbeidh sé chomh costasach sin. San am céanna, is gá nuachóiriú a dhéanamh ar an eangach.

1.5. Tá dea-chleachtais á bhforbairt faoi láthair, amhail tionscnaimh neamhbhrabúis trínar féidir suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a cheannach ar bhonn comhchoiteann, agus, dá thoradh sin, is ag méadú atá an glacadh leis na modhanna nua táirgthe agus tomhaltais fuinnimh sin. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach leanúint air ag tacú leis na tionscnaimh sin.

1.6. Tá sé de rún ag CESE an tuairim seo a thabhairt cothrom le dáta agus conclúidí agus moltaí nua a chur ar fáil bunaithe ar staidéir ón gCoimisiún ar an ábhar atá faoi chaibidil anseo agus ar an staidéar maidir le bochtaineacht fuinnimh atá le foilsiú faoi dheireadh 2023.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Ainneoin gach a thugtar le fios sna meáin, ní rud nua atá i gcomhroinnt na féinghiniúna agus an fhéintomhaltais fuinnimh (rud ar a dtugtar 'promhaltóireacht'). Is ag méadú fós atá an tsuim atá ag an duine aonair i dtrealamh fótavoltach cónaithe go sonrach, a mhéid a bhaineann le hacmhainn suiteáilte gach córais fótavoltaigh atá ceangailte leis an eangach. Sin é an chéad pharadacsa atá ag roinnt leis an ábhar.

2.2. D'ainneoin na dtéarmaí teicniúla lena mbaineann, is é glan na fírinne gur gá leictreachas a ghiniúint chun freastal ar ár gcuid riachtanas tomhaltais féin. Ní smaoineamh nua é seo. I nGleann Grésivaudan na Fraince, mar shampla, chuir an tionsclaí, Aristide Bergès, stáisiún cumhachta hidrileictreach ar bun in 1882 chun freastal ar riachtanais an mhuilinn páipéir Úsáideadh an stáisiún céanna chun an tram ó Grenoble go Chapareillan a chumhachtú de bharr nach raibh an eangach leictreachais ag cumhdach na críche ina hiomláine an uair sin.

2.3. Céad bliain dár gcionn, sula raibh aon rialachán ann maidir le grianphainéil a nascadh leis an eangach, chuir foireann ceannródaithe ionad inniúlachta le haghaidh grianfhuinnimh ar bun faoin ainm Phébus, agus ba in 1992 a ceanglaíodh an chéad phainéal gréine, Phébus-1, leis an eangach.

2.4. Lenar linn féin, breathnaítear ar fhorbairt an fhéintomhaltais mar dhóigh chun an t-aistriú fuinnimh a chur chun cinn agus chun é a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, i.e. ar an leibhéal is cóngaraí don saoránach. Is simplí an prionsabal atá i gceist anseo, mar atá, más ann do na coinníollacha chun an féintomhaltas a fhorbairt, is é is dóichí go mbeidh tionchar láidir cultúrtha aige ó thaobh rannpháirtíocht na saoránach san aistriú fuinnimh a neartú. Is ábhartha an méid sin sa chomhthéacs reatha ós í úsáid na bhfoinsí fuinnimh iontaise is mó is cúis le díghrádú na haeráide, foinsí a bhfuil gá leo fós sa lá atá inniu ann chun freastal ar an ró-thomhaltas sa tsochaí.

2.5. Meastar freisin go gcuireann an féintomhaltas leis an bhfreagracht phearsanta agus le rialú níos fearr ar nósanna tomhaltais chun cinn, mar tabharfaidh sé ar na daoine gan a bheith chomh caifeach ar fhuinneamh agus é a úsáid go héifeachtach. Cuireann na méadair dhigiteacha le haghaidh feistí digiteacha le leibhéal na feasachta sin chomh maith, toisc go mbíonn ar an duine athmhachnamh a dhéanamh ar a chuid nósanna tomhaltais i rith an lae. Tugann CESE dá aire freisin gur úsáideach an ní iad na méadair chliste agus na comhbhailitheoirí cliste chun leas níos fearr a bhaint as an tsolúbthacht atá ann. Is iomaí tír atá ar gcúl le cur in úsáid na méadar cliste. Anuas air sin, na méadair chliste a bhí ann roimhe seo, níor de chineál déthreorach iad, agus ní féidir dóibh leictreachas a ghintear le grianphainéil tí a instealladh san eagnach leictreachais.

2.6. Molann CESE go bhforbrófaí pobail fuinnimh saoránach, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) lena n-athmhúnlaítear na rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas.

2.7. Tá roinnt samhlacha féintomhaltais aonair comhchoiteann ann, ina measc:

— féinghiniúint le hinstealladh iomlán: instealltar an fuinneamh uile a ghintear san eangach, agus is ón eangach a tharraingítear an fuinneamh uile a bhíonn á thomhailt;

— féintomhaltas le hinstealladh barrachais fuinnimh: barrachas fuinnimh amháin a instealltar isteach san eangach. Tagann an tomhaltas ar dtús ón táirgeadh agus ansin ón eangach mura leor an táirgeadh;

— féintomhaltas iomlán: ní instealltar an fuinneamh arna ghiniúint san eangach ar chor ar bith, agus is ar an leibhéal áitiúil a fhanann sé. Is ar an leibhéal áitiúil a dhéantar an bainistiú ar an bhfuinneamh a ghintear, i.e. is ar an leibhéal sin a úsáidtear é, is ann a stóráiltear é, nó is ann a ligtear amú é.

2.8. Dá bhrí sin, is cosúil gurb é an féintomhaltas le hinstealladh barrachais fuinnimh an rogha is fearr óir fágann sé gur féidir slabhra gearr giniúna agus tomhaltais a chleachtadh (rud nach bhfuil i gceist i gcás na féinghiniúna le hinstealladh iomlán), gan fuinneamh a ligean amú (rud nach bhfuil amhlaidh i gcás an fhéintomhaltais iomláin). Mar sin féin, tá deacrachtaí móra le sárú ag na samhlacha teoiriciúla simplithe sin, toisc nach mbíonn an cuar tomhaltais agus an cuar giniúna ag teacht le chéile i ngach cás.

2.9. Is féidir na deacrachtaí sin a chainníochtú de réir trí chritéar. Is casta an ní í an chothromóid, áfach, óir ba ghá an cuar tomhaltais a athchruthú agus an cuar giniúna agus an difríocht shéasúrach a mheas. Seo a leanas na critéir sin:

— ráta an féintomhaltais: an cóimheas idir an tomhaltas féinghinte agus an ghiniúint iomlán;

— an ráta giniúna: an cóimheas idir tomhaltas féinghinte agus an tomhaltas iomlán;

— an ráta cumhdaigh: an cóimheas idir an ghiniúint iomlán agus an tomhaltas iomlán.

2.10. Tá trí phríomhchineál réiteach ann:

— ar thaobh amháin, d'fhéadfaí an tomhaltas a athrú trí aistriú a dhéanamh ó thréimhsí mallghiniúna fuinnimh go dtí tréimhsí ardghiniúna fuinnimh, mar shampla trí fhearais tí dianfhuinnimh a sceidealú le linn tréimhsí ardghiniúna. D'fhéadfaí córais uathoibrithe baile a úsáid chun na fearais sin a chur ar siúl nó a chur as;

([1]) Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

— ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfaí cuid den bharrachas fuinnimh arna ghiniúint atá gan tomhailt a stóráil agus é a úsáid le linn tréimhse ísealghiniúna fuinnimh. Mar sin féin, fadhb amháin a bhaineann leis an réiteach sin is ea staid reatha na teicneolaíochta. Is dhá chostasaí, nó trí chostasaí fiú, kWh amháin grianfhuinnimh a stóráil, gan trácht ar an dochar a dhéanann an teicneolaíocht is mó atá in úsáid, mar atá, teicneolaíocht na gceallraí ian litiam, don chomhshaol.

— Seo réiteach eile ba cheart don Aontas a chur chun cinn: cead a bheith ann leictreachas a thomhailt nuair is in áit seachas i gcóngar an teallaigh a ghintear é, sin nó an féintomhaltas comhchoiteann a éascú.

2.11. Tugann CESE dá aire nach rud é an féintomhaltas aonair atá teoranta don earnáil chónaithe ná don bheagán cumhachta atá le baint aisti. Tá feidhm aige freisin i gcúrsaí tráchtála. Is mó cumhacht a ghintear i gcarrchlóis faoi dhíon, ar an díon i láithreáin mhóra thráchtála nó thionsclaíocha, ag FBManna, etc., díonta foirgneamh bardasach nó cuideachtaí, gléasraí comhghiniúna nó bithfhuinnimh i láithreáin thionsclaíocha agus thráchtála, etc.

2.12. Is féidir féintomhaltas féin a bheith ina rud chomhchoiteann freisin, mar shampla i mbloc árasán. Sa chás sin, déantar an fuinneamh arna thomhailt i ngach árasán a ríomh i gcomhréir le prionsabal na n-eochracha dáileacháin. D'fhéadfadh féintomhaltas comhchoiteann ar scála mór a bheith i gceist chomh maith i gcás ina dtabharfaí le chéile táirgeoirí agus tomhaltóirí atá lonnaithe in aon limistéar geografach amháin, lena n-áirítear tomhaltóirí ó áiteanna cónaithe aonteaghlaigh nó ilteaghlaigh nó ón earnáil seirbhísí agus ón earnáil thionsclaíoch. Bíodh is go bhfuil an chuma ar an scéal gurbh fhearr an rogha í an eochair dáileacháin athraitheach, óir ceadaítear léi an ghiniúint a leithdháileadh i gcomhréir le tomhaltas agus de réir sliotáin ama, níl sí gan locht. D'fhéadfadh sé go mbeadh na tomhaltóirí ag iarraidh a dtomhaltas a mhéadú d'fhonn sciar a gcuid féintomhaltais a mhéadú.

2.13. Is féidir aghaidh a thabhairt air sin ach ról a chruthú, mar atá, duine dlítheanach eagrúcháin chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an eochair dáileacháin agus an cinneadh sin a chur faoi bhráid an Bhainisteora Gréasáin.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Tugann CESE dá aire go bhfuil an féintomhaltas níos casta ná mar a shíltear ainneoin cuma shimplí air toisc go bhfuil dhá shaincheist ann: an ghiniúint fuinnimh agus an tomhaltas fuinnimh (ar dhá ní faoi leith iad) agus go mbaineann an dá rud sin leis an aon duine amháin, bíodh sé nádúrtha nó dlíthiúil. Dá bhrí sin, ní haon ionadh nár leagadh síos aon rialachán maidir leis an bhfeiniméan seo a tháinig chun cinn le déanaí. Is doiligh cothromaíocht a aimsiú idir na nithe seo a leanas: taraif shonrach a leagan síos maidir le húsáid na heangaí, comhlíonadh cheanglais an chórais dáileacháin agus staid na hinfheistíochta tríú páirtí. Is cinnte go bhfuil baint ag an méid sin le costais na heangaí leictreachais. Tá méadú suntasach ag teacht ar chostais shistéamacha san eangach i ngeall ar bhreis foinsí in-athnuaite luaineacha a bheith ann. Cuireann CESE in iúl nach gcuirtear san áireamh sna córais taraife atá ann cheana (amanna seachbhuaice/buaicamanna) buaicamanna sonracha i nginiúint foinsí fuinnimh in-athnuaite ná an lorg carbóin.

3.2. Is féidir athruithe sa tírdhreach fuinnimh, ina bhfuil ról lárnach ag an bhféintomhaltas, a leagan amach i bpirimid ina bhfuil cúig chéim:

— an féintomhaltas aonair;

— an féintomhaltas comhchoiteann;

— an féintomhaltas comhchoiteann ar scála mór;

— comhphobail fuinnimh in-athnuaite, is coincheap é seo a tugadh isteach le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), arb é is cuspóir dó tairbhí comhshaoil, eacnamaíocha nó sóisialta a thabhairt do chomhaltaí nó críoch na gcomhphobal sin. Is eintitis dhlíthiúla iad sin atá á rialú ag na saoránaigh, FBManna nó údaráis áitiúla ar féidir leo an fuinneamh in-athnuaite arna ghiniúint a thomhailt, a stóráil, a roinnt nó a dhíol. Tá rochtain dhíreach acu ar an margadh fuinnimh nó, i gcás nach bhfuil, tá rochtain acu air trí chomhbhailitheoir;

— pobail fuinnimh saoránach mar a shainmhínítear iad i dTreoir (AE) 2019/944. Bíonn níos mó i gceist leo ná na pobail fuinnimh in-athnuaite, sa mhéid is gur féidir leo 'a bheith ag gabháil do ghiniúint, lena n-áirítear giniúint ó fhoinsí in-athnuaite, dáileadh, soláthar, tomhaltas, comhbhailiú, stóráil fuinnimh, seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh nó seirbhísí luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha nó seirbhísí fuinnimh eile a sholáthar dá chomhaltaí nó dá scairshealbhóirí'.

3.3. Dearbhaítear sna treoracha sin go bhfuiltear toilteanach struchtúr ginte agus dáilte an fhuinnimh san Eoraip a athrú ó bhonn aníos agus dul níos faide leis an scéal ná féintomhaltas féin. Leagtar amach iontu samhlacha nua um eagrú idir gníomhaithe áitiúla, samhlacha ba cheart a choinneáil glan ar an bhféintomhaltas. Sin iad na céimeanna uachtaracha sa phirimid sin, agus is é is cuspóir dóibh féachaint chuige go gcomhlíonfar na gealltanais a bhaineann le hathrú sochaíoch a bhaint amach trí aistriú fuinnimh a chuirfear chun feidhme go praiticiúil agus go háitiúil, ar an leibhéal is cóngaraí agus is féidir do na saoránaigh, agus le rannpháirtíocht na saoránach san aistriú fuinnimh, agus an caomhnú fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh á spreagadh san am céanna. Tá dea-chleachtais á bhforbairt faoi láthair, amhail tionscnaimh neamhbhrabúis trínar féidir suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a cheannach ar bhonn comhchoiteann, agus, dá thoradh sin, is ag méadú atá an glacadh leis na modhanna nua táirgthe agus tomhaltais fuinnimh sin. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach leanúint air ag tacú leis na tionscnaimh sin. ([3])

([2]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

([3]) Á chistiú faoi CLEAR 2.0 de chuid an chláir Fís 2020 agus faoi CLEAR X de chuid an chláir Fís 2020 (https://www.clear-x.eu/).

3.4. Dar le CESE go bhfuil tosca eile ann a mbíonn tionchar acu ar an bhféintomhaltas. Mar shampla, tá earnáil an ghrianfhuinnimh ag brath ar dhálaí áirithe, mar shampla, bíonn tionchar ag dálaí geografacha ar an líon uaireanta gréine sna réigiúin éagsúla. Is gá, dá bhrí sin, cumhacht agus cineál na suiteálacha, maille lena dtreoshuíomh a oiriúnú dó sin (díon, scáth, urlár), i.e. nithe a théann i bhfeidhm ar shaolré na bpainéal. I ngeall ar na srianta teicniúla, airgid agus rialála atá i gceist, níl sé d'acmhainn ag gach úsáideoir painéil a shuiteáil. Ní féidir ach le húinéirí a bhfuil na hacmhainní is gá agus an tithíocht oiriúnach acu grianphainéil a shuiteáil, rud a eisíonn cuid mhór tionóntaí agus gach éinne eile nach bhfuil na hacmhainní airgeadais is gá acu chun bheith páirteach i dtionscadal féintomhaltais ar scála mór. De bhreis air sin, tá rialacha áirithe ann i réimse na pleanála uirbí a cuireann cosc ar phainéil a shuiteáil i limistéir oidhreachta (i.e. lár stairiúil na gcathracha, láithreáin oidhreachta, láithreáin atá liostaithe faoin gCód Comhshaoil, etc.) ([4]).

3.5. D'fhéadfadh an costas airgeadais a bhaineann leis an tsuiteáil agus an chothabháil a bheith ina bhac nuair a chuirtear san áireamh an costas a bhaineann lena áirithiú go bhfuil an córas leictreachais ag an gcaighdeán cuí agus leis an lucht saothair oilte a íoc, etc.

3.6. Déanann an costas comhshaoil a bhaineann le stóráil cheimiceach ceallraí dochar do coincheap an fhéintomhaltais chomh maith. Is í an teicneolaíocht ian litiam an teicneolaíocht is mó atá in úsáid sa lá atá inniu ann. Mar sin féin, bíonn méid an-mhór uisce (thart ar 2 bhilliún lítear in aghaidh an tona litiam) ag teastáil le haghaidh an phróisis eastósctha litiam, agus is ó limistéar gan uisce ar a dtugtar 'Triantán an Litiam' (atá sa Bholaiv, sa tSile agus san Airgintín) is mó a thagann soláthar domhanda an litiam. Scaoiltear substaintí tocsaineacha le linn phróisis an eastósctha, mar a chonacthas leis an scannal sa mhianach Ganzizhou Rongda sa Tibéid. Sa chás sin, is mór an scrios a rinneadh ar an éiceachóras áitiúil, agus b'éigean do na húdaráis an mhianach a dhúnadh in 2013 (ceadaíodh é a oscailt athuair in Aibreán 2016) ([5]).

3.7. Ar a mhuin sin, bíonn costais an-ard i gceist leis an storáil, ó EUR 50 go 80 billiún in aghaidh gach TWh a stóráiltear, má stóráiltear é laistigh d'aon bhliain amháin nó go séasúrach chun freastal ar riachtanais chothromaithe. Tuigtear nach mór ceallraí a athrú gach 15 bliana, nó ar a laghad, gach 20 bliain. Tá sé fógartha ag roinnt monaróirí, amhail Tesla agus an chuideachta Shíneach CATL go mbeidh ceallraí á dtáirgeadh acu gan mhoill a mhairfidh dhá nó ceithre oiread níos faide ná na cinn atá in úsáid faoi láthair. Chomh maith leis sin, tá roghanna malartacha ar na ceallraí ian litiam ag teacht i gceist, amhail ceallraí ian sóidiam (Na-ion) ([6]).

3.8. Tugann CESE dá aire go bhfuil an mhí-úsáid agus an chalaois a bhíonn ar bun ag 'coirpigh an chomhshaoil' ag cur isteach ar fhorbairt rianúil an fhéintomhaltais. Is ionadaithe díolacháin neamhspleácha iad siúd a bhaineann úsáid as an spéis atá ag daoine san fhéintomhaltas, agus as ngrianfhuinneamh i gcoitinne, chun an dallamullóg a chur orthu trí reiceanna díolacháin míchruinne, trí ghealltanais go ndéanfaidís coigiltis mhóra, trí státchabhair nach ann di agus trí chreidmheas tomhaltóirí faoi cheilt. Mar fhreagairt air sin, tá treoracha maidir le conas an chaimiléireacht a chomhrac curtha le chéile ag gairmithe san earnáil, ach is beag muinín atá ag féintomhaltóirí fuinnimh as ([7]).

3.9. Bíonn fadhbanna le huirlisí digiteacha lena ndéantar sonraí monatóireachta tomhaltais a chomhroinnt ó thaobh na cosanta sonraí agus na próiseála sonraí agus ó thaobh shlándáil na bhfreastalaithe ina stóráiltear na sonraí sin. Maidir leis an 'ombudsman fuinnimh' dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair ([8]), an mbeidh cumhachtaí leordhóthanacha aige, nó an mbeidh na hinniúlachtaí is gá aige i gcás díospóide idir daoine aonair? Bheadh gá ann sainchúram an Ombudsman a leathnú chuige sin ([9]).

3.10. Cé gur mall an méadú atá ag teacht ar an bhféintomhaltas agus na slabhraí gearra eacnamaíocha giniúna/tomhaltais atá ag teacht chun cinn, tá an méid sin ag cur isteach go mór ar roinnt samhlacha giniúna atá thar a bheith láraithe, go mór mór stáisiúin cumhachta núicléach. Dá bhrí sin, tá amhras á chaitheamh ar chuid de bhunphrionsabail an tsoláthair leictreachais de bharr an fhéintomhaltais:

— an priosabal taraife 'stampa poist', rud nach mbíonn an soláthar fuinnimh ag brath ar an achar idir an ghiniúint agus an tomhaltas dá réir, níl baint aige maidir leis an bhféintomhaltas ós ann do tharaif faoi leith don féintomhaltas comhchoiteann sa slabhra soláthar gearr;

— Féadfaidh caillteanas ioncam a bheith ann don soláthróir de thoradh fhorbairt an fhéintomhaltais, óir bíonn air riachtanais infheistíochta suntasacha a chumhdach óir bíonn an eangach an-ghnóthach le linn na mbuaicthréimhsí.

([4]) https://www.culture.gouv.fr/en/Thematic/Monuments-Sites/Historical-monuments-heritage-sites/Environmental-themes/Installation-of-photovoltaic-panels-in-the-vicinity-of-historic-monuments-and-in-notable-heritage-sites

([5]) Tuarascáil ó *Les Amis de la Terre – Lithium: nécessité et urgence d'introduire de nouveaux processus de collecte et de recyclage*, Meán Fómhair 2013.

([6]) https://www.iea.org/reports/global-ev-outlook-2023/trends-in-batteries

([7]) https://conseils-thermiques.org/contenu/arnaque-panneau-solaire.php
https://www.otovo.fr/blog/stop-arnaques/arnaques-aux-panneaux-solaires-web

([8]) COM(2023) 148 final an 14 Márta 2023.

([9]) https://www.beuc.eu/sites/default/files/publications/BEUC-X-2023-047_Consumers_should_always_have_access_to_ADR_in_energy.pdf

3.11. Mar sin féin, tá difríocht mhór idir tairbhí an aistrithe fuinnimh i gcás an fhéintomhaltais aonair agus an fhéintomhaltais chomhchoitinn. Cuireann an féintomhaltas aonair le forbairt foinsí fuinnimh in athnuaite agus féadfaidh sé duine aonair nó cuideachta a spreagadh chun bheith níos éifeachtúla agus chun fuinnimh a shábháil. Is gníomh ar leith fós é saoráid féintomhaltais a shuiteáil, gníomh a dtarlódh gan de bhunús leis ach cúiseanna airgid.

3.12. Tá gné shochaíoch ag baint leis an bhféintomhaltas comhchoiteann sa mhéid is gur féidir leis dlúthpháirtíocht a chothú idir na saoránaigh agus/nó gnólachtaí sna réigiúin trí shlabhraí gearra giniúna agus tomhaltais leictreachais a chur i bhfeidhm. Is é an chéad chéim de chur chun feidhme an aistrithe fuinnimh ar an leibhéal áitiúil é, go dtí go dtiocfaidh pobail fuinnimh in-athnuaite agus pobail fuinnimh saoránach chun cinn.

3.13. Dá bhrí sin, beidh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus an tsochaí shibhialta ar thús cadhnaíochta maidir leis an aistriú fuinnimh a chur chun feidhme agus beidh ról lárnach acu maidir le forbairt tionscadal féintomhaltais chomhchoitinn ar scála mór a chur chun cinn.

Ina dhiaidh sin féin, is gá na nithe seo a leanas a dhéanamh: an creat rialála a neartú agus a chobhsú agus dreasachtaí airgeadais a chur ar fáil, amhail préimheanna infheistíochta le haghaidh féintomhaltas aonair, díolúine ó chánacha a áirithiú, rannchuidiú leis na costais eangaí a bhaineann leis an bhfuinneamh a bhítear a thomhailt, gan pionós a ghearradh i gcás rátaí ísle féinghiniúna, an mhuinín in earnálacha an fhuinnimh fhótavoltaigh agus an fhuinnimh gaoithe a neartú trí chur i gcoinne coirpigh chomhshaoil, barrachas fuinnimh a athdhíol ar an margadh leictreachais, agus droichid a cheadú idir an féintomhaltas aonair agus an féintomhaltas comhchoiteann i gcás úsáid theoranta.

3.14. Ba thábhachtach freisin i dtaca leis sin a iarraidh ar na bardais tacaíocht a thabhairt do thionscadail féintomhaltais chomhchoitinn ar scála mór a spreagadh, sin agus solúbthacht bhreise a bheith ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha barrachas fuinnimh a úsáid, go háirithe d'fhonn comhrac a chur ar an mbochtaineacht fuinnimh agus ar an deighilt shóisialta ina bhfuil 'cúltaisce fuinnimh' ag na tomhaltóirí sin atá deisiúil go leor le gur féidir leo infheistiú i modhanna táirgthe agus, i ndeireadh na dála, praghas níos ísle a íoc as a gcuid fuinnimh.

Tugann CESE le fios, de réir suirbhé a rinneadh le déanaí, go measann formhór (57 %) na bpobal fuinnimh gur fadhb shuntasach nó an-suntasach í an bhochtaineacht fuinnimh. Is ar éigean a ghlactar bearta éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt uirthi, áfach ([10]). Mothaíonn teaghlaigh leochaileacha nach dtugtar eolas dóibh faoin tacaíocht theicniúil agus airgeadais atá ar fáil dóibh. Ina theannta sin, tá teaghlaigh ann nach bhfuil ar a gcumas páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na bpobal fuinnimh nó tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn drogall orthu cabhair a iarraidh ar eagla go ndéanfaí stiogmatú orthu. Is minic iad ar bheagán muiníne astu féin. Is rud é sin a tharlaíonn nuair a bhíonn soláthraithe leictreachais ina gcuid de phobail fuinnimh. Ar an ábhar sin sin, tá gá le cláir agus spriocanna sonracha do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh atá i staid fhorbhásach ó thaobh fuinnimh de.

An Bhruiséil, an 25 Deireadh Fómhair 2023

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([10]) https://www.energysolidarity.eu/cees-survey-energy-poverty-action/.